Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**
**Rannóg Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta, Halla na Cathrach,**
**Bóthar an Choláiste, Gaillimh**

**FOIRM CÓIRÍOCHTA DO PHÁIRC IMEARTHA 2025/2026**

**NÓTA: Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine. Cuir isteach an focal "N.B." in aon chás a bhfuil sin infheidhme.**

**1.** Ainm Oifigiúil an Chlub/na Scoile/an Coláiste:

________________________________________________________

Seoladh ríomhphoist oifigiúil le haghaidh comhfhreagrais: ____________________

________________________________________________________

Ríomhphost oifigiúil: ________________________________________
Tabhair faoi deara nach n-úsáidfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an seoladh seo ach amháin chun comhfhreagras/sonrasc a bhaineann leis an iarratas ceadúnais pháirceála seo a eisiúint.

Cód: (CLG, Sacar, Haca, Lúthchleasaíocht, ⁊rl.) ____________________________

Na Sraitheanna a mbíonn an club/scoil/coláiste rannpháirteach iontu:

________________________________________________________

**2.** Mionsonraí iomlána d'aon áis imeartha atá ar fáil don Chlub/Scoil/Choláiste seachas Comhairle Cathrach na Gaillimhe:

________________________________________________________

________________________________________________________

An líon Foirne Ógánach a mbítear ag freastal orthu (Faoi.18):__________________

An líon Foirne Sinsearacha a mbítear ag freastal orthu (0s cionn18): ____________

**3.** Páirceanna a bhfuil ceadúnas á lorg faoin iarratas seo – féach, le do thoil, leis seo, Sceideal na Limistéar Páirceanna atá ar fáil:

Tá táille €750.00 iníoctha maidir le gach páirc imeartha a bhfuil seomraí feistis iontu agus tá €525.00 iníoctha maidir le páirceanna imeartha gan áiseanna. Sa chás go bhfuil níos mó ná ceadúnaí amháin don pháirc chéanna, cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ainmneacha na gceadúnaithe eile don pháirc sin in iúl

4. **Faoin GDPR, trí thic a chur ar "Toghaim", tá tú sásta go gcoinneoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do shonraí, lena n-áirítear árachas agus comhfhreagras, le haghaidh tagartha sa todhchaí.**

**Toghaim** ☐

Tabhair faoi deara, le haghaidh críocha árachais, go gcoimeádfar taifid go daingean ar feadh tréimhse 18 bliain ón dáta a eisíodh an ceadúnas páirceála

Is riachtas é ag chuile club cóip dá gcáipéisíocht bhunreachtúil agus liosta d'Iontaobhaithe reatha an chlub a chur ar aghaidh agus seoltaí.

Tá na coinníollacha ginearálta a bhaineann le ligean pháirceanna na Comhairle Cathrach léite agam mar IONTAOBHAÍ/ PRÍOMHOIDE OIFIGIÚIL de CHLUB/SCOILE/COLÁISTE___________________________________________. Má fhaigheann ár gClub/ Scoil/Coláiste lóistín páirce, glacann muid le na Coinníollacha Ginearálta lena ligean.

Iontaobhaí/: _________________________ Seoladh: _______________________
Príomhoide

_________________________

_______________________

Uimh. Theil.: _________________________

**CUID A: FOIRNE ÓGÁNACH (I.E. FOIRNE FAOI 18 BLIAIN D'AOIS):** _________

Deimhním leis seo go bhfuil ____________ foireann de chuid Club/Scoil/Coláiste __________________________ glactha sna sraitheanna atá eagraithe ag mo Chumann /Bhord agus go bhfuil na Táillí Cleamhnaithe riachtanacha go léir íoctha ag an gClub/Scoil/gColáiste.

Sínithe: __________________________ Dáta:________________________________

Oifig: __________________________ Cumann/Sraith: _________________________

Seoladh: _____________________________________________________________

**CUID B: FOIRNE SINSEARACHA (I.E. FOIRNE OS CIONN 18 BLIAIN D'AOIS**): __

Deimhním leis seo go bhfuil ____________ foireann de chuid Club/Scoil/Coláiste ________________________ glactha sna sraitheanna atá eagraithe ag mo Chumann /Bhord agus go bhfuil na Táillí Cleamhnaithe riachtanacha go léir íoctha ag an gClub/Scoil/gColáiste.

Sínithe: ______________________________ Dáta: ___________________________

Oifig: ________________________________ Cumann/Sraith: __________________

Seoladh: _____________________________________________________________

**Síniú Iontaobhaí Príomhoide an Chlub/Scoil/Coláiste atá ag déanamh an iarratais:**

_______________________________________ Dáta: __________________________

Comhlánaigh an tábla seo a leanas go cruinn, maidir leis na Foirne atá gníomhach sna comórtais Idir-Chlubanna;

| Foirne | An Líon | An tSraith |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do na sonraí a thugann tú dúinn a chosaint. Déanfar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear ar fáil dúinn mar chuid d'iarratais a bhainistiú de réir ár bpolasaí príobháideachta.

Tá ár ráiteas príobháideachta iomlán ar fáil ar ár láithreán Gréasáin:
https://www.galwaycity.ie/privacy-policy

## <u>CÓIRÍOCHT PÁIRCE IMEARTHA</u>

## <u>COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA AN LIGIN</u>

FORÁLACHA OIBRIÚCHÁIN

**1. Sainmhínithe agus Léirmhíniú:**
Sa Cheadúnas seo nuair a admhaíonn an comhthéacs amhlaidh:

(a) beidh na bríonna seo a leanas ag na habairtí seo a leanas:

(i) ciallaíonn "**Lom-Cheadúnaí**" ná éinne a thugann an Ceadúnaí údarás dó a chuid mhaoine a úsáid gan aon teideal aige ar sheilbh eisiach, agus an ceadúnas arna chruthú a mheas mar pribhléid phearsanta gan aon leas á thabhairt aige sa talamh;;

(ii) ciallaíonn "**Taille an Cheadúnais**" €(    ) in aghaidh na bliana;

(iii) ciallaíonn "**Tréimhse an Cheadúnais**" ná an tréimhse 12 mhí dar tosach an dáta atá leis seo mura gcuirtear deireadh léi níos luaithe de réir fhorálacha an Cheadúnais seo nó cibé tréimhse sínte a chomhaontóidh na páirtithe i scríbhinn ó am go chéile;

(iv) ciallaíonn "**Maoin Cheadúnaithe**" ná an pháirc imeartha nó na páirceanna imeartha mar a luaítear níos cruinne sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo; agus

(v) ciallaíonn "**Úsáid Cheadaithe**" ná úsáid na Maoine Cheadúnaithe go huile agus go hiomlán le húsáid mar pháirceanna imeartha chun críocha spóirt pháirce imeartha, agus chun críche ar bith eile.

(b) Bainfidh focail a ndéanann tagairt do dhaoine le clubanna, le scoileanna, le gnólachtaí, le cuideachtaí, le corparáidí agus a mhalairt chomh maith más agus nuair is infheidhme.

(c) Cuimseoidh aon tagairt d'Acht an Oireachtais aon leasú reachtúil nó aon athachtú air atá i bhfeidhm ag an am agus cuimseoidh sí gach ionstraim, gach ordú, gach plean, gach rialachán, gach cead agus gach treoir atá i bhfeidhm ag an am arna n-eisiúint nó arna dtabhairt fúthu.

(d) Is le haghaidh tagartha amháin iad na ceannteidil atá sa Cheadúnas seo

**2. An Ceadúnas**

Chomh fada agus atá an Ceadúnas seo i bhfeidhm, tugann an Ceadúnaitheoir **CEADÚNAS** agus údarás don Cheadúnaí (faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá sa Cheadúnas seo) dul isteach ar an Maoin Cheadaithe agus á húsáid chun críche Úsáid Cheadaithe na Maoine Ceadaithe amháin mar Lom-

Cheadúnaí faoi réir ag cearta foirceanta agus athlonnaithe an Cheadúnaí mar a luaítear i gclásail 7 agus clásáil 8 faoi seach.

**3. Tréimhse an Cheadúnais**
Leanfaidh an Ceadúnas seo i bhfeidhm le linn Tréimhse an Cheadúnais.

**4. Táille an Cheadunais**
Íocfar an Táille Cheadúnais is iníoctha ó am go cheile go bliantúil roimh ré le linn don Cheadúnas seo a bheith i bhfeidhm.

**5. Dualgais an Cheadúnaí**
**GLACANN** agus **GEALLANN** an Ceadúnaí:-

5.1 Táille an Cheadúnais a íoc ar na laethanta agus sa chaoi a luaítear sa Cheadúnas seo.

5.2 An Mhaoin Cheadúnaithe a choinneáil glan, néata agus slachtmhar agus saor ó aon bhruscar nó aon tine nó aon ghuais sláinte agus gach brúscar agus dramhaíl a bhaint as an Maoin Cheadúnaithe;

5.3 Gan aon dochar a dhéanamh d'aon chuid den Mhaoin Cheadúnaithe;

5.4 An Ceadúnaitheoir a chur láithreach ar an eolas i scríbhinn maidir le haon damáiste a rinne an Ceadúnaí nó aon ghníomhaire nó an seirbhíseach nó aon fostaí aige nó éinne a fuair cuireadh uaidh chun teacht chuig an Maoin Cheadúnaithe agus faoi aon damáiste don Mhaoin Cheadúnaithe nó aon mheath ar an Maoin Cheadúnaithe beag beann ar conas a thárla a leithéid;

5.5 An Mhaoin Cheadúnaithe a úsáid don Úsáid Cheadúnaithe amháin agus gan tada a dhéanamh nó a cheadú a dhéanamh laistigh den Mhaoin Cheadúnaithe nó timpeall uirthi a bheidh ina chrá chroí nó ina chur isteach nó ina mhíchaoithiúlacht ar an gCeadúnaitheoir nó ar cheadúnaí nó ar shealbhóir aon réadmhaoin in aice láimhe;

5.6 Gan aon leacht nó aon ghás de shubstaint inadhainte, contúirteach nó díobhálach a choimeád ar an Maoin Cheadúnaithe nó a leithéid a cheadú go feasach;

5.7 Ach amháin le cead deimhneach i scríbhinn á fháil ón gCeadúnaitheoir (a leithéid ceada faoi rogha an Cheadúnaitheora amháin), aon earraí nó earraí a choinneáil nó a chur nó a cheadú a choimeád nó a chur ar an Maoin Cheadúnaithe lasmuigh den am agus an Mhaoin Cheadúnaithe á úsáid go gníomhach ag an gCeadúnaí le haghaidh na hÚsáide Ceadaithe aici;

5.8 Gan bac a chur ar aon chuid den Mhaoin Cheadúnaithe nó ar an mbealach isteach uirthi;

5.9 Gan tada a dhéanamh nó a cheadú á dhéanamh ar an Maoin Cheadúnaithe trína bhféadfadh aon pholasaí árachais ar an Maoin Cheadúnaithe a chur ar neamhní nó ar féidir á chur ar neamhní nó trína bhféadfar ráta na préimhe atá uirthi a mhéadú; an méid lena bhaineann a aisíoc láithreach ar éileamh an Cheadúnaitheora maidir le haon chostais arna dtabhú ag an gCeadúnaitheoir agus aon pholasaí dá leitheíd is gá de bharr sárú ar an dualgas seo á athnuachan aige; agus cloí i gconaí le gach éileamh de ó árachóir na Maoine Cheadúnaithe má chuireann an Ceadúnaitheoir a leithéid in iúl;

5.10 An Ceadúnaitheoir (le linn agus tar éis Tréimhse an Cheadúnais) a shlánú agus a choimeád slán ó-

5.10.1 gach éileamh, gach caillteanas, gach dochar agus gach costas (lena n-áirítear aon chostais dlí agus aon chaiteachais) a d'fhéadfadh an Ceadúnaí a fhulaingt mar thoradh díreach ar aon ghníomh nó easnamh nó iompar de chuid an Cheadúnaitheoir, a chuid ghníomhairí, a chuid fhostaithe, éinne a thug sé cuireadh dó, a chuid úinéirí, a chuid chomhpháirtithe nó a chuid oifigigh nó de dhroim aon bháis, nó aon díobhála coirp, díobhála, pianta nó mar thoradh ar aon fulaingt a tharla d'éinne nó d'aon mhaoin ar an Maoin Cheadúnaithe nó ag an Mhaoin Cheadúnaithe a thagann go díreach as aon ghníomhaíocht arna dhéanamh ag an gCeadúnaí, ag a chuid gníomhairí, ag a chuid fhostaithe, ag a chuid úinéirí, ag a chuid comhpháirtithe, ag a chuid oifigigh nó ag éinne a fuair cuireadh uaidh ach amháin iad siúd a mbaineann le gníomhartha díreacha na n-áititheoirí;;

5.10.2 aon éileamh a d'fhéadfadh aon fhostaí de chuid an Cheadúnaí a dhéanamh i gcoinne an Cheadúnaitheoir, cibé acu faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Cearta Fostaithe ar Aistriú Gnóthais) 1980 nó a mhalairt, ar dhul in éag nó ar fhoirceannadh an Cheadúnais seo ar chúis ar bith;

5.11 Árachas, ar shásamh an Cheadúnaitheora, a dhéanamh ar mhaoin an Cheadúnaí féin agus ar na rioscaí (lena n-áirítear dualgais an Cheadúnaí faoin gCeadúnas seo) lena mbaineann agus an admháil is déanaí ar íocaíocht reatha na préimhe atá dlite ag an am agus aon pholasaí nó aon bheartas de chuid an Cheadúnaí a thabhairt ar aird don Cheadúnaitheoir aon uair is gá a léiríonn árachas dliteanais €13 mhilliún an fhostóra agus árachas dliteanais poiblí ar luach €6.5 mhilliún;

5.12 Urram agus chomhlíontacht a thabhairt do gach riachtanas a iarrtar ó am go cheile arna n-iarraidh ag an gCeadúnaitheor dá chuid fhostaithe, dá chuid sheirbhísigh, dá chuid ghníomhairí agus dóibh siúd ar tugadh cuireadh dóibh de réir gach riachtanas agus gach rialachan a ndearnadh ó am go chéile maidir leis an úsáid agus leis an mbainistiú a bhaineann an Ceadúnathaí as:

5.12.1 an Mhaoin Cheadúnaithe

5.12.2 aon achar nó maoin choitianta atá faoi úinéireacht agus/nó á bainistiú ag an gCeadúnaitheoir i gcomharsanacht na Maoine Cheadúnaithe

5.12.3 bóithre, cosáin agus na háiseanna fóilíochta (más ann dóibh); An Beartas Brandála agus Comharthaíochta reatha, Aguisín A agus na Comharthaí Buan ar Thailte Poiblí, Aguisín B

de chuid na Maoine Ceadúnaithe, lena n-áirítear sábháilteacht torann glaineachta agus aon cheist eile timpeallachta chomh maith leis an rochtain ar pháirceáil agus ar lóideáil agus seachadadh;

5.13 Dea-bhainistíocht an eastáit a chinntiú le páirceáil ag agus i gcóngar don Mhaoin Cheadúnaithe agus gan aon phlódú nó bac ar aon bhóthar nó cosáin ar an Maoin Cheadúnaithe a cheadú. Ní ghlacann an Ceadúnaitheóir le haon fhreagracht ná le haon dliteanas as aon chaillteanas nó aon dochar do nó goid aon ghluaisteáin nó as aon ghluaisteán nó as aon fheithicil troitheáin eile nó as aon mhótar-rothar nó as aon scútararna pháirceáil ar an Maoin Cheadúnaithe ach amháin mar thoradh ar na gníomhaíochtaí díreacha siúd de chuid an Cheadúnaitheora;

5.14 Úsáid a bhaint as nó a chur faoi deara go n-úsáidfidh fostaithe, seirbhísigh, gníomhairí agus éinne gur tugadh cuireadh dó de chuid an Cheadúnaí na hachair coitianta den Mhaoin Cheadúnaithe a chuireann an Ceadúnaitheoir ar fáil ó am go chéile lena n-úsáid ag an gCeadúnaí agus ag áititheoirí eile na Maoine Cheadúnaithe ar bhealach cúramach agus freagrach;

5.15 Faoi réir Chlásal 10.9, an Mhaoin Cheadúnaithe a úsáid le solas an lae amháin nó le linn cibé tráthanna eile a d'fhéadfadh an Ceadúnaitheoir a chur in iúl don Cheadúnaí (ar bhealach réasúnach) ó am go chéile;

5.16 Gan aon athrú a dhéanamh ar an Maoin Cheadúnaithe nó gan aon rud a chur léi agus gan aon chomhartha nó fógra a chur suas sa Mhaoin Cheadúnaithe nó in aon áit eile ar an Maoin Cheadúnaithe gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón gCeadúnaitheoir;

5.17 Cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón gCeadúnaitheoir sula shuiteálfar aon ghléasra, aon innealra nó aon trealamh sa Réadmhaoin Cheadúnaithe nó uirthi;

5.18 Cead a thabhairt don Cheadúnaitheoir agus do gach éinne atá údaraithe ag an gCeadúnaí dul isteach sa Mhaoin Cheadúnaithe ag am ar bith agus chun críche ar bith;

5.19 Díreach ar fhoirceannadh ceart an Cheadúnaí an Mhaoin Cheadúnaithe a úsáid, gach maoin an Cheadúnaí a bhaint den Mhaoin Cheadúnaithe agus á fágáil glan agus slachtmhar agus gach costas (más ann dó) a íoc a thabhaigh an Ceadúnaitheoir maidir le haon dochar a shlánú le linn maoin an Cheadúnaí á baint di;

5.20 Bainisteoir a ainmniú agus a údarú go cuí, mar ghníomhaire an Cheadúnaí, a bheidh freagrach as bainistiú na Maoine Ceadúnaithe agus as gníomhaíocht an Cheadúnaí á reachtáil ansin agus sonraí iomlána an bhainisteora sin a thabhairt i scríbhinn don Cheadúnaíitheoir;

5.21 A chinntiú go mbeidh aon eochair a cuirfear ar fáil don Cheadúnaitheoir nó dá ghníomhaire de réir chlásal 6.2 den Cheadúnas seo i láthair le duine atá údaraithe go cuí ag an gCeadúnaitheoir chun á bheith sheilbh aige aon uair a bheidh an Ceadúnaitheoir ag baint úsáide as an Maoin Cheadúnaithe de réir na hÚsáide Ceadaithe. ;

5.22 Go dtabharfar aon eochair a cuireadh ar fáil don Cheadúnaitheoir nó dá ghníomhaire de réir chlásal 6.2 den Cheadúnas seo ar ais láithreach ar fhoirceannadh an Cheadúnais seo, beag beann ar an gcaoi ar thárla sé;

5.23 Sa chás go bhfaigheann an Ceadúnaí aon ghearáin ó aon úinéir tadhlacha nó ó úinéir aon mhaoine, go gcuirfidh an Ceadúnaí a leithéid in iúl go pras don Cheadúnaitheoir agus go ndéanfaidh an Ceadúnaí gach dícheall réasúnach chun an cheist a leigheas;

5.24 Aon chruinniú leis an gCeadúnaithoir a éascú agus freastal air ar iarratas an Cheadúnaithora (ag gníomhú go réasúnach agus ag am réasúnach) ag oifigí na Maoine Cheadúnaithe nó an Cheadúnaitheora nó ag cibé áit eile arna ghlacadh idir an dá pháirtí.

5.25 Go ndaingneofar aon gheata nó aon bhacainn iontrála i ndiaidh na Maoine Cheadúnaithe á húsáid, lena náirítear, má bhaineann, a chinntiú go gcuirtear gach geata nó gach bacainn dá leithéid faoi ghlas tar éis á n-úsáid.

5.26 Gan aon dochar a dhéanamh nó a fhulaingt d’aon gheata, d'aon sconsa, d'aon bhealach isteach nó d'aon rochtain ar an Maoin Cheadúnaithe

díreach roimh, le linn nó díreach tar éis úsáid na Maoine Cheadúnaithe ag an gCeadúnaí nó ag a ghníomhairí nó ag éinne a thug sé cuireadh dó.

5.27 Go gcloífear le gach riail agus le gach rialachán a bhaineann le húsáid na Maoine Cheadúnaithe arna éileamh ag an an Ceadúnaitheoir (ag gníomhú go réasúnach) agus a fógraíodh don Cheadúnaí de réir Chlásal 10.5 den Cheadúnas seo.

5.28 A chinntiú, le linn aon tréimhse ina bhaineann an Ceadúnaí úsáid as an Maoin Cheadúnaithe, go ndéantar maoirseacht agus rialú ar rochtain ar aon seomraí feistis ar an Maoin Cheadúnaithe agus go mbeidh an dóthain mhaor ar fáil ag an gCeadúnaí chun maoirsiú agus rialú a dhéanamh ar bhealach lena bheith ag súil le réasún sna chúinsí lena mbaineann.

5.29 Gan aon ábhar ina bhfuil an cheimiceach creosóta mar chuid de a úsáid le haghaidh aon chuid den Mhaoin Cheadúnaithe a mharcáil.

5.30 Gan ach teaghráin sreangán amháin a úsáid chun na líonta a dhaingniú ar na cuaillí báire. D'fhonn aon amhras a sheachaint, ní úsáidfidh an Ceadúnaí téip ghreamaitheach (ná ní cheadóidh sé á húsáid) chun na líonta a dhaingniú ar na cuaillí báire.

**6. Dualgais an Cheadúnaitheora**

6.1 GLACANN agus GEALLANN an Ceadúnaithoir an Mhaoin Cheadúnaithe a chur ar fáil de réir téarmaí an Cheadúnais seo.

6.2 Faoi réir ag an gCeadúnaí sonraí ghníomhaire an Cheadúnaí a chur ar fáil don Cheadúnaitheoir de réir chlásal 5.20 den Cheadúnas seo, cuirfidh an Ceadúnaitheoir eochair ar fáil, más gá, do ghníomhaire an Cheadúnaí d'fhonn aon gheata nó aon bacainn a ghlasáil agus a dhíghlasáil a chuireann srian ar rochtain feithicle ar an Maoin Cheadúnaithe (má bhaineann).

**7. Foirceannadh**

7.1 Is féidir leis an an gCeadúnaitheoir an Ceadúnas seo a fhoirceannadh i ndiaidh dó fógra, ag dul in éag lá ar bith, i scríbhinn nach lú ná dhá mhí féilire a thabhairt don Cheadúnaí don Cheadúnaí agus is féidir leis an gCeadúnaí an Ceadúnas seo a fhoirceannadh i ndiaidh dó fógra, ag dul in éag lá ar bith, i scríbhinn nach lú ná dhá mhí féilire a thabhairt don Cheadúnaitheoir..

7.2 Déanfar an Ceadúnas seo a fhoirceannadh láithreach bonn:-

7.2.1 muna n-íocann Ceadúnaí an Táille Cheadúnais nó aon suim eile is iníoctha faoin gCeadúnas laistigh de cheithre lá dhéag ón dáta dlite agus, má éilítear a leithéid, nó má sháraíonn an Ceadúnaí aon cheann de chomhaontuithe, de dhualgais, de téarmaí agus de choinníollacha an Cheadúnais; agus/nó

7.2.2 má cheaptar Glacadóir nó Scrúdaitheoir ar an gceadúnaí (más cuideachta atá ann) nó má dhéanfar ordú nó rún éifeachtach a rith lena leachtú nó má bhaintear aon chuid de mhaoin an Cheadúnaí uaidh i bhfeidhmiú nó i bpróiseas an dlí; agus/nó

7.2.3 muna mbaintear úsáid as an Maoin Cheadúnaithe ar feadh tréimhse sé seachtaine as a chéile nó cibé tréimhse ama a glacadh idir na Páirtithe; agus/nó

7.2.4 muna bhféidir úsáid a bhaint as an Maoin Cheadúnaithe de bharr tine, scrios nó aon chúis eile dá leithéid nach bhfuil smacht ag an gCeadúnaitheoir air; agus/nó

7.2.5 má thagann dochar don Mhaoin Cheadúnaithe de bharr iompar an Cheadúnaí nó má tá gearáin gan réiteach air maidir le hiompar frithshóisialta nó torann.

7.3 Ní dhéanfaidh foirceannadh faoi aon cheann de na forálacha atá sa chlásal seo difear do chearta caingne ceachtar páirtí i leith aon sárú roimh ré ar aon cheann de chomhaontuithe, de dhualgais, de théarmaí agus de choinníollacha an Cheadúnaí atá leagtha síos sa Cheadúnas seo agus, ar fhoirceannadh a dhéanamh air, fágfaidh an Ceadúnaí an Mhaoin Cheadúnaithe láithreach.bonn agus an stoc trealaimh, innealra gléasra agus maoin eile aige a bhaint den Mhaoin Cheadúnaithe, ar an gcoinníoll gan dochar d'aon leigheas eile ar neamhíoc aon suim atá dlite don Cheadúnaitheoir, go bhfuil an Ceadúnóir i dteideal a cheart a fheidhmiú i leith aon stoc trealaimh, innealra, gléasra agus maoine eile dá leithéid de chuid an Cheadúna a choinneáil ar an Maoin Cheadúnaithe i leith aon airgid atá dlite ón gCeadúnaí go dtí go ndeanfar an fiach sin a chur ar cheal.

## 8. Ceart Athlonnaithe

Glacann an dá pháirtí go soiléir go bhfuil an ceart ag an gCeadúnaitheoir, tráth ar bith (ar fhógra scríofa mí féilire amháin ar a laghad a thabhairt don Cheadúnaí), an Ceadúnaí a aistriú go dtí achar eile, cibé acu is lú nó níos mó é, laistigh de limistéar riaracháin an Cheadúnaitheora uair amháin nó arís eile faoi fhorálacha na dtéarmaí íocaíochta dá ndéantar tagairt dóibh sa Cheadúnas seo.

## 9. Cineál an Cheadúnais

9.1 Is Ceadúnas pearsanta é seo don Cheadúnaí agus ní féidir á aistriú ná a dhiúscairt ar aon shlí eile; agus chun aon amhras a sheachaint, ní féidir leis an gCeadúnaí seilbh na Maoine Ceadúnaithe, nó aon chuid di, a scaradh ná a roinnt ná ceadúnas den iomlán nó d'aon chuid den Mhaoin Cheadúnaithe a bhronnadh ar éinne nó ar chomhlacht eile.

9.2 Ní bhunóidh aon chuid den Cheadúnas seo aon chomhpháirtíocht nó aon chomhfhiontar idir an Ceadúnaí agus an Ceadúnaitheoir ná ní fhorléireofar é nó níl le cruthú ann aon aistriú dlíthiúil nó aon deonú eisiach na seilbhe don Cheadúnaí nó ní chruthaíonn sé aon leas níos mó don Cheadúnaí ná an méid a bhaineann amhain leis an gceadúnas ar na téarmaí atá leagtha síos ann AGUS glacann an Ceadúnaí nach guirfidh sé aon bhac ar shlí ar bith ar an gCeadúnaí agus ar a chuid oifigeach, ar a chuid fhostaithe, ar a chuid sheirbhíseach, ar a chuid ghníomhairí, ar éinne ar tugadh cuireadh dóibh agus ar a chuid cheadúnaithe san fheidhmiú acu ceart seilbhe agus rialú an Cheadúnaitheora ar iomlán na Maoine Cheadúnaithe lena n-áirítear an Mhaoin Cheadúnaithe féin.

## 10. Gnáth-fhorálacha

10.1 Ní bheidh an Ceadúnaitheoir freagrach in imthosca ar bith don Cheadúnaí nó dá chuid fhostaithe, dá chuid sheirbhísigh, dá chuid ghníomhairí nó d'éinne ar tugadh cuireadh dó as aon éileamh, aon chaillteanas, aon dochar, aon chostas agus aon chaiteachas (lena n-áirítear costais agus speansais dlí) a fhéadfaidh siad a fhulaingt mar thoradh ar aon ghníomhaíocht nó ar aon easnamh nó ar aon iompar ar thaobh an Cheadúnaí nó a chuid fhostaithe, a chuid sheirbhísigh, a chuid ghníomhairí, éinne ar tugadh cuireadh dó, a chuid dhílseánaigh, a chuid chomhpháirtithe nó a chuid oifigeach nó de dhroim aon bháis, nó aon dochar choirp, nó aon díobhála, nó aon phiain nó aon fhulaingthe a tharla d’éinne nó d'aon mhaoin; agus déanfaidh an Ceadúnaí an Ceadúnaitheoir a shlánú in aghaidh aon ghortaithe, aon bhreoiteachta, aon bháis, aon dochair nó aon scriosta a d’fhéadfaí a dhéanamh tráth ar bith don Cheadúnaí nó dá chuid fhostaithe, dá chuid sheirbhísigh, dá chuid ghníomhairí nó d'éinne ar tugadh cuireadh dó nó don Mhaoin Cheadúnaithe nó do chomhchodanna na Maoine Cheadúnaithe nó d’aon cheann de na hearraí, den mharsantais, den ghléasra, den innealra nó den mhaoin de chuid an Cheadúnaí nó dá chuid fhostaithe, dá chuid sheirbhísigh, dá chuid ghníomhairí nó d'éinne ar tugadh cuireadh dó ar an Maoin Cheadúnaithe nó mórtimpeall uirthi ach amháin i gcás aon fhaillí díreach de chuid an Cheadúnaitheora nó dá chuid fhostaithe, dá chuid sheirbhísigh, dá chuid ghníomhairí, éinne ar tugadh cuireadh dó, agus dá chuid cheadúnaithe.

10.2 Déanfar aon achrann ar aon saincheist a éireoidh maidir le feidhmiú an chomhaontaithe seo idir na páirtithe leis a dhéileáil trí thagairt a dhéanamh d’idirghabháil/d'eadráin de réir na bhforálacha seo a leanas:-

10.2.1 i gcás go n-aithníonn na páirtithe nó ceann acu achrann nó saincheist a d’fhéadfadh a bheith tromchúiseach nó atá le réiteach, glacfaidh siad ar an gcéad dul síos gach iarracht is gá a dhéanamh d'fhonn an achrainn a réiteach trí chruinniú díreach eatarthu ar thóir gcuardach macánta acu ar réiteach agus, má

theipeann lena leithéid, leanúint ar aghaidh ansin le idirghabháil. Muna féidir teacht ar idirghabhálaí a oireann an dá pháirtí, is féidir le haon cheann acu a iarraidh ar Uachtarán an Dlí-Chumainn nó ar Chathaoirleach Institiúid Eadrána na hÉireann idirghabhálaí cuícháilithe a cheapadh d'fhonn cabhrú leis na páirtithe teacht ar réiteach cairdiúil an achrainn gan orthu dul i muinín na headrána.

10.2.2 i gcás go bhfuil achrann fós le réiteach idir na páirtithe i ndiaidh dóibh freastail ar an idirghabháil den chéad uair, glacfaidh na páirtithe go ndéanfaidh siad an cheist a tharchur le haghaidh eadrána agus déanfar eadráin faoi na hAchtanna Eadrána 2010. D'fhonn eadránaí a cheapadh, glacfaidh na páirtithe go n-iarrfaidh siad ar Uachtarán an Dlí-Chumainn ag an am sin eadránaí amháin a cheapadh as painéal na n-eadránaithe atá á chothabháil acu. I gcás go n-iarrtar ar Uachtarán DhlíChumann na hÉireann sna himthosca sina leithéid eadránaithe a cheapadh, beidh ar an Uachtarán aird a thabhairt ar nadúr an achrainn atá i gceist agus ceapfaidh sé mar eadránaí gairmí as disciplín a bhfuil baint cuí aige le gach gnéith den achrann.

10.2.3 má scoireann an t-eadránaí a ceapadh go cuí dá cheapachán nó má fhaigheann sé bás nó má thagann chun solais ar chúis ar bith nach bhfuil sé in ann nó go bhfuil sé tar éis éirí mí-oiriúnach (cibé acu de bharr claonta nó a mhalairt) dá chuid dualgas a chomhlíonadh nó go gcuirtear as oifig é le hOrdú Cúirte, is féidir eadránaí eile a ainmniú ina ionad agus, maidir le haon ainmniúchán dá leithéid, beidh feidhm ag na gnásanna atá leagtha amach roimhe seo amhail is dá mba ainmniúchán úir é an t-ionadú, agus is féidir lena leithéid ghnásanna a atárlú a mhéad uair is gá.

10.3 Ba chóir aon fhógra a thabharfar nó a sheirbheálfar faoin gCeadúnas seo don Cheadúnaí a mheas gur tugadh agus gur seirbheáladh go cuí é má ghreamaítear an fógra sin d'áit sa Mhaoin Cheadúnaithe nó má sheoltar é leis an ngnáthphost chuig an mbainisteoir a d'ainmnigh an Ceadúnaí faoi Chlásal 5.20 den Cheadúnas seo.

10.4 Ba chóir aon fhógra a thabharfar nó a sheirbheálfar faoin gCeadúnas seo don Cheadúnaitheoir a mheas gur tugadh agus gur seirbheáladh go cuí é má sheoltar an fógra sin leis an bpost cláraithe réamhíoctha go dtí príomhoifig an Cheadúnaitheora.

10.5 Measfar gach fógra a tugadh faoi dhualgais agus faoi rialacháin arna ndéanamh maidir le húsáid nó le bainistiú na Maoine Cheadúnaithe lena n-áirítear gach achar coiteanna agus aon bhóthar agus agus aon chosán a ritheann chuig nó as an Maoin Cheadúnaithe agus a ritheann chuig nó aslimistéir thaitneamhachta (más ann dóibh) a bheith cuí agus á

seirbheáil i gceart ar an gCeadúnaí má dhéantar á bpostáil nó á gceangal ar chlár fógraí laistigh den Mhaoin Cheadúnaithe nó má sheoltar iad leis an ngnáthphost chuig an mbainisteoir atá ainmnithe ag an gCeadúnaí faoi Chlásal 5.20 den Cheadúnas seo.

10.6 Ní fhágfaidh tada sa Cheadúnas seo go mbeidh an Ceadúnaitheoir freagrach ar bhealach ar bith as slándáil, caomhnú, árachas, stóráil nó caomhnú aon trealaimh nó aon mhaoine eile de chuid an Cheadúnaí a fhágtar ar an Maoin Cheadúnaithe nó a mhalairt agus beidh gach trealamh agus maoin dá leithéid le linn tréimhse reatha an Cheadúnais seo ar phriacal an Cheadúnaí amháin.

10.7 Is féidir leis an an gCeadúnaitheoir, dá rogha féin amháin, ceart an Cheadúnaí rochtain a fháil ar an Maoin Cheadúnaithe agus a úsáid a chur ar fionraí i gcásanna:-

10.7.1 ina bhfuil an Ceadúnaitheoir den tuairim (ag gníomhú go réasúnta ach dá rogha féin amháin) nach féidir imirt ar aon pháirc agus/nó aon dromchla imeartha nó ar chuid díobh ar an Maoin Cheadúnaithe; agus/nó

10.7.2 ina bhfuil réamhfhógra réasúnta tugtha ag an gCeadúnaitheoir don Cheadúnaí (le 14 lá ar a laghad) go bhfuil oibreacha cothabhála agus/nó uasghrádaithe le déanamh ar an Maoin Cheadúnaithe; agus/nó

10.7.3 ina bhfuil réamhfhógra réasúnta tugtha ag an gCeadúnaitheoir don Cheadúnaí (agus fógra 14 lá ar a laghad) go bhfuil an Mhaoin Cheadúnaithe ag teastáil le haghaidh imeacht poiblí faoin aer.

10.8 D'ainneoin forálacha Chlásal 10.7.1, is faoin gCeadúnaí a chinntiú go bhfuil bail shábháilte ar iomlán aon pháirce agus/nó aon dromchla imeartha ar an Maoin Cheadúnaithe sula dtabharfar faoin Úsáid Cheadúnaithe agus a chinntiú go bhfuil a leithéid limistéir saor ó ghuais.

10.9 Glacann an Ceadúnaí leis seo go bhféadfaidh an Ceadúnaitheoir, dá rogha féin amháin, ceadúnas nó ceadúnais a dheonú (ar théarmaí comhchosúla leis an gceadúnas anseo) d'éinne nó d'eintitis a oibríonn laistigh dá limistéar feidhme d'fhonn na Maoine Cheadúnaithe a úsáid le linn na Tréimhse Cheadúnaithe agus, ina leithéid cúinsí, sonraí teagmhála an Cheadúnaí a roinnt le cibé úsáideoir eile na Maoine Ceadúnaithe ionas gur féidir le gach úsáideoir ceadúnaithe na Maoine Cheadúnaithe socrú a dhéanamh, eatarthu féin agus gan treoir ón gCeadúnaitheoir, cén tréimhsí ina mbeidh gach úsáideoir in ann úsáid a bhaint as an Maoin Cheadúnaithe. I gcúinsí ina dteipeann ar úsáideoirí na Maoine Cheadúnaithe teacht ar aon intinn eatarthu féin maidir le sceideal úsáid na Mhaoin Cheadúnaithe, coinníonn an Ceadúnaitheoir an cheart ansin agus sna himthosca sin, tréimhsí ama ar leith a dháileadh

amach do na húsáideoirí, lena n-áirítear an Ceadúnaí a ghabhann leis an gCeadúnas seo. Taobh amuigh dá leithéid tréimhsí, ní bheidh an cheart ag an gCeadúnaí lena bhaineann, lena n-áirítear más infheidhme an Ceadúnaí anseo, an Mhaoin Cheadúnaithe a úsáid. Is faoi rogha an Cheadúnaitheora amháin a dhéanfar a leithéid tréimhsí ama a leithdháileadh.

10.10 I gcúinsí ina bhfuil an Ceadúnas seo foirceanta mar gheall ar shárú ar aon téarma ag an gCeadúnaí, ansin agus sna chúinsí sin, tugann an Ceadúnaí leis seo go neamh-inchúlghairthe údarás agus cead don Cheadúnaitheoir, de rogha an Cheadúnaitheora amháin, dul i dteagmháil le comhlacht rialaithe an Cheadúnaí agus an comhlacht rialaithe sin a chur ar an eolas maidir le sárú sin an Cheadúnaí agus foirceannadh an Cheadúnais ina dhiaidh sin.

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

Áiseanna Peile, Sacair agus Rugbaí i gCathair na Gaillimhe 2025-2026

| # | Lathair | Seoladh | Spórt | Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Páirc na gCeapach 2 | Cnoc na Cathrach | Cluichí Gaelacha | √ |
| 2 | Páirc na gCeapach 3 | Cnoc na Cathrach | Cluichí Gaelacha/ Rugbaí - Sóisearach | √ |
| 3 | Páirc na gCeapach 4 | Cnoc na Cathrach | Sacar | √ |
| 4 | Lána an Mhuilleora 1 | Cnoc na Cathrach | Sacar | X |
| 5 | Lána an Mhuilleora 2 | Cnoc na Cathrach | Sacar | X |
| 6 | Westside 1 | Bóthar Shéamais Ui Choirc | Cluichí Gaelacha | √ |
| 7 | Westside 2 | Bóthar Shéamais Ui Choirc | Traenáil | √ |
| 8 | Westside 3 | Bóthar Shéamais Ui Choirc | Sacar | √ |
| 9 | Páirc Pheait Mhuineog | Westside | Sacar | X |
| 10 | Páirc an Labhrais 1 | An Caisleán Nua | Sacar | X |
| 11 | Páirc an Labhrais 2 | An Caisleán Nua | Rugbaí | X |
| 12 | Páirc an tSeantalaimh | Bóthar Shéamais Uí Choirc | Sacar | X |

| # | Lathair | Seoladh | Spórt | Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| 13 | Páirc Mhic Craith | Bóthar an Sheanghoirt | Cluichí Gaelacha Rugbaí - Sóisearach | X |
| 14 | An Pháirc Theas 1 | An Cladach | Cluichí Gaelacha | √ |
| 15 | An Pháirc Theas 2 | An Cladach | Sacar | √ |
| 16 | An Pháirc Theas 3 | An Cladach | Sacar | √ |
| 17 | An Pháirc Theas 4 | An Cladach | Rugbaí | √ |
| 18 | An Pháirc Theas 5 | An Cladach | Sacar | √ |
| 19 | The Plots | Barr an Chalaidh | Cluichí Gaelacha | X |
| 20 | An Bóthar Mór 1 | Bóthar Sheáin Mulvoy | Sacar | √ |
| 21 | Barr na Coille 1 | Bóthar Mhionlaigh | Cluichí Gaelacha | √ |
| 22 | Barr na Coille 2 | Bóthar Mhionlaigh | Sacar | √ |
| 23 | Páirc na Rinne Móire 1 | Ascaill na Rinne Móire | Sacar | X |
| 24 | Páirc na Rinne Móire 2 | Ascaill na Rinne Móire | Sacar | X |
| 25 | Páirc na Rinne Móire 3 | Ascaill na Rinne Móire | Cluichí Gaelacha | X |
| 26 | Páirc na Rinne Móire 4 | Ascaill na Rinne Móire | Cluichí Gaelacha | X |
| 27 | An Pháirc Thiar 1 | Ar Chúl Ionad Pobail na Rinne Móire | Sacar | X |

| # | Lathair | Seoladh | Spórt | Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| 28 | An Pháirc Thiar 2 | Ar Chúl Ionad Pobail na Rinne Móire | Traenáil | X |
| 29 | Páirc an Chaisleáin 1 | An Baile Bán | Sacar | √ |
| 30 | Páirc an Chaisleáin 2 | An Baile Bán | Sacar | √ |
| 31 | Páirc an Chaisleáin 3 | An Baile Ban | Rugbaí | √ |
| 32 | Fahy's Field 1 | Muirbheach | Sacar | X |
| 33 | Fahy's Field 2 | Muirbheach | Sacar | X |
| 34 | Fahy's Field 3 | Muirbheach | Sacar | X |
| 35 | O'Sullivan Park 1 | Muirbheach | Sacar | X |
| 36 | O'Sullivan Park 2 | Muirbheach | Sacar | X |
| 37 | Páirc Mhuirbhigh 1 | Bóthar Walter Macken | Cluichí Gaelacha | X |
| 38 | Páirc Mhuirbhigh 2 | Bóthar Walter Macken | Cluichí Gaelacha | X |
| 39 | Ros Cam 1 | Boireann Bheag | Sacar | X |
| 40 | Ros Cam 2 | Boireann Bheag | Traenáil | X |
| 41 | Cathair Choill Mhuirlinne (Dabhach Uisce) Páirc 1 | Bóthar Dhabhach Uisce | Sacar | X |
| 42 | Cathair Choill Mhuirlinne (Dabhach Uisce) Páirc 2 | Bóthar Dhabhach Uisce | Sacar | X |
| 43 | Cathair Choill Mhuirlinne (Dabhach Uisce) Páirc 3 | Bóthar Dhabhach Uisce | Cluichí Gaelacha | X |

**AGUISÍN A**

**POLASAÍ BRANDÁLA AGUS COMHARTHAÍOCHTA**

**Réamhrá**

Is é cuspóir an pholasaí seo ná “creat a chur ar fáil le go mbeidh brandáil chomhleanúnach ar an gcathair, ar na nithe is díol spéise inti, ar a féilte agus ar a ceangail idirnáisiúnta le feiceáil chun iad siúd atá ina gcónaí sa chathair agus cuairteoirí a chur ar an eolas”.

Tá sé i gceist go gcuirfidh na rannóga seo a leanas de chuid na Comhairle an polasaí seo i bhfeidhm. Tá freagrachtaí ar gach ceann acu ó thaobh déileáil le comharthaí fógraíochta in áiteanna poiblí. Tugtar cuntas ar an mbonn reachtúil atá faoin bpolasaí seo sa reachtaíocht seo a leanas:-

- An Rannóg Bóithre (faoi Acht na mBóithre 1993 arna leasú).
- An Rannóg Pleanála (faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt).
- An Rannóg Comhshaoil (faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997-2003).

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm i gcomhairle le rannóga ábhartha eile den Chomhairle de réir mar is cuí.

Tá trí chineál comharthaíochta a d’fhéadfaí a chur ar fáil le haghaidh brandála/cur chun cinn imeachtaí i gCathair na Gaillimhe faoi láthair agus tá sé dearbhaithe go bhfuil gá le cur chuige soiléir seasmhach le haghaidh úsáid na gcomharthaí seo.

Beidh struchtúir fógraíochta, san áit a bhfuil siad ag teastáil, ar mhéid agus suite ar bhealach atá neamhfheiceálach. Beidh struchtúir agus comharthaíocht fógraíochta íoslaghdaithe, ar ardchaighdeán, comhordaithe i ndearadh agus scálaithe agus lonnaithe go cuí (Plean Forbartha na Cathrach 2011-2017).

Sa pholasaí seo féachfar leis na comharthaí seo a leanas a rialú agus an úsáid is fearr a bhaint astu:-

- ► Comharthaíocht sheanchaite de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN)
- ► Comharthaíocht de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB)
- ► Pliontaí Faisnéise

**Comharthaí PFN** (níl siad le húsáid ag tríú páirtithe)

Moltar an Chathair agus an Chomhairle Cathrach a bhrandáil ar bhealach dearfach agus béim á leagan ar ghnéithe cathartha suntasacha ar nós cúpláil le cathracha nasctha/comhchathracha, e.g. Bradford, Lorient, Chicago, Aalborg agus Seattle, chomh maith le hainmniú buan le haghaidh, mar shampla, “Cathair Scannánaíochta UNESCO”.

**Comharthaí ÚSB (16 acu)**

Beidh comharthaí ÚSB fós á gcur ar fáil gach bliain le haghaidh imeachtaí móra cultúrtha agus spóirt ar ardchaighdeán a mheallann líon mór cuairteoirí go dtí an chathair.

Beidh an chomharthaíocht in airde ar feadh tréimhse míosa a chuimseoidh an t-imeacht féin, agus bainfear anuas í tráth nach déanaí ná seacht (7) lá i ndiaidh dheireadh an imeachta.

Ar feadh an chuid eile den bhliain, bainfear úsáid as na comharthaí ÚSB chun Sábháilteacht ar Bhóithre agus Cathair Saor ó Bhruscar a chur chun cinn.

1. Caithfidh iarratais ó lucht eagraithe na bhféilte bheith faighte mí sula gcuirtear na comharthaí in airde.
2. Beidh an leagan amach soiléir simplí le híomhá lárnach láidir amháin chun an fhéile, agus í sin amháin, a chur chun cinn. Ní dhéanfar tagairt go follasach ná go hintuigthe d'urraitheoirí an imeachta.
3. Ní cheadaítear ach lógó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus lógó na féile.
4. Ní cheadaítear níos mó ná deich bhfocal, uimhreacha san áireamh.
5. Cuirfear gach dearadh grafach isteach leis an iarratas agus féadfaidh an Chomhairle Cathrach iad a leasú más gá.
6. In áit íoc as úsáid na gcomharthaí, beidh lógó faofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar na cláir. Cuirfear lógó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil i bhformáid ghrafach dhigiteach.
7. Is é tionscnóir an imeachta a sheasfaidh gach costas a bhainfidh leis an gcomharthaíocht a chur in airde agus a bhaint anuas.
8. Caithfidh sonraí an tionscnóra bheith ag gabháil le gach iarratas, sonraí cuí mar árachas, ráitis ar mhodhanna etc san áireamh.
9. Íocfar éarlais airgid sula gcuirtear aon chomhartha in airde. Aisíocfar an éarlais má bhaintear an chomharthaíocht anuas taobh istigh de sheacht (7) lá ó dheireadh an imeachta.
10. Ní mór gach ceann de na sé chomhartha ÚSB dhéag (16) a úsáid ach amháin má theastaíonn siad ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh gnóthaí eile.

**Pliontaí Faisnéise**

Is éard is pliontaí faisnéise ann ná comharthaí arda dronuilleogacha a bhfuil cead tugtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe iad a chur in airde ar chuaillí solais poiblí áirithe. Tá siad tríthaobhach, cuireann fráma cruach dea-thógtha taca fúthu agus tá siad deartha chun a laghad damáiste agus is féidir a dhéanamh do na cuaillí solais poiblí. Tá sampla de na pliontaí seo le feiceáil i ngrianghraf san aguisín. Tá siad clúdaithe le hábhar marthanach miotalach/plaisteach. Ní ghlacfar i gcás ar bith le *corriboard* ná le hábhair laga eile cosúil leis sin lena n-úsáid ar na pliontaí seo. Is é is cuspóir do na pliontaí seo ná faisnéis a thaispeáint do choisithe (seachas tiománaithe).

Ó tharla go bhfuil limistéir caomhantais seandálaíochta i limistéar lár na cathrach, d'fhéadfaí cead a thabhairt chun Pliontaí Faisnéise a chur in airde ag deich (10) láthair réamhfhaofa ar a mhéad i lár na cathrach agus ag trí (3) cinn ar a mhéad i mBóthar na Trá. Breithneofar láithreacha eile nuair a fhaightear an t-iarratas ach braithfidh an

cinneadh ar chúinsí éagsúla. Ar na cúinsí sin beidh leithead an chosáin agus an plionta a bheith le feiceáil i limistéir do choisithe, ach beidh cúinsí eile i gceist freisin.

Beidh pliontaí in airde ar feadh dhá (2) sheachtain ar a mhéad ar chostas €31.50 in aghaidh an phlionta de réir Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Is é príomhfheidhm na fógraíochta ar phliontaí ná cur chun cinn féilte, cultúir, ealaíon, imeachtaí spóirt, imeachtaí a eagraíonn carthanais agus seirbhísí atá ar siúl sa chathair ar díol spéise don phobal iad. Is féidir pliontaí atá mealltach agus ildaite a úsáid. Tá samplaí le feiceáil san *Aguisín*.

Ba chóir d'iarratasóirí ceithre (4) seachtaine ar a laghad a ligean roimh an dáta áirithinte riachtanach le haghaidh fhaomhadh, tháirgeadh agus shuiteáil na bpliontaí.

Is leis an gComhairle Cathrach, agus léi sin amháin, an spás fógraíochta. Is féidir go gcuirfidh an Chomhairle Cathrach spás ar fáil chun gníomhaíochtaí agus nithe is díol spéise a chur chun cinn, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo a leanas.

- Cuirfear lógó faofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe san áireamh. Cuirfear lógó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil i bhformáid ghrafach dhigiteach.
- Ní cheadófar corparáidí, gnóthaí agus eagraíochtaí príobháideacha agus tráchtála, agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara, a chur chun cinn ar an bplionta.
- Ní cheadófar feachtais pholaitíochta taobh istigh d'Éirinn ná go hidirnáisiúnta.
- Caithfidh iarratais ó lucht eagraithe na bhféilte thuas bheith faighte mí sula gcuirtear na comharthaí in airde.
- Is iad lógó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus lógó na féile nó an imeachta na lógónna a cheadaítear. Ní cheadaítear lógónna urraitheoirí tráchtála/teidil.
- Cuirfear gach dearadh grafach isteach leis an iarratas agus féadfaidh an Chomhairle Cathrach iad a leasú más gá.
- Is é tionscnóir an imeachta a sheasfaidh gach costas a bhainfidh leis an gcomharthaíocht a chur in airde agus a bhaint anuas.
- Caithfidh sonraí an tionscnóra bheith ag gabháil le gach iarratas, sonraí cuí mar árachas, ráitis ar mhodhanna etc san áireamh.

Is é an cliant atá freagrach as cóipcheart ar obair ealaíne/táirgeadh ealaíne ar phliontaí faisnéise. Ní ghlacann Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagracht as aon saincheisteanna cóipchirt.

**Critéir le haghaidh Obair Ealaíne**

Caithfidh an obair ealaíne ar fad do phliontaí bheith faofa roimh ré ag an Stiúrthóireacht Pleanála agus Iompair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus caithfidh sí bheith ag cloí leis na toisí riachtanacha.

Déileálfar le hiarratais ar áirithint ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Ní mheasfar gur fasach é má thugtar ceadúnas ag láthair ar bith.

Is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe comharthaíocht neamhúdaraithe ar an mbóthar poiblí a bhaint faoi Acht na mBóithre 1993 (Alt 71).  Is féidir dul sa tóir ar chomharthaíocht neamhúdaraithe ar réadmhaoin phríobháideach faoi Fhorfheidhmiú Pleanála.

**Feabhra 2016**

**AGUISÍN B**

**COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE**

**Polasaí maidir le Comharthaí Buana ar Thalamh Phoiblí**

Áirítear orthu seo comharthaí a chrochtar ar aon chuid de bhóthar poiblí nó de shráid phoiblí, ciumhaiseanna féir, cosáin, guaillí crua, leataobhanna, timpealláin, carrchlóis, lárstráicí nó oileáin tráchta, áiteanna faoi cheart slí poiblí nó áit ar bith a mheasann an tÚdarás Áitiúil a bheith ina háit phoiblí san áireamh.

**Céard atá ag teastáil le comhartha buan a chrochadh ar thalamh phoiblí?**

Teastaíonn ceadúnas ó Rannóg Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe sula gcrochtar aon chomhartha buan ar thalamh phoiblí.. (Aguisín 1: Prionsabail agus Coinníollacha Ceadúnaithe)

**Cén chaoi ar féidir liom iarratas a chur isteach le haghaidh ceadúnais le comhartha buan a chrochadh ar thalamh phoiblí**?

Tá foirmeacha iarratais faoi Rannóg 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ar fáil ó Rannóg Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar Bhóthar an Choláiste, Gaillimh nó ar líne ag www.galwaycity.ie

**Cén costas atá ar cheadúnas do chomhartha buan ar thalamh phoiblí?**

Is mar seo a leanas a dhéantar dearbhú ar na táillí sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha (uimh. 2) 2002:

- Faoi láthair, tá costas €50 ar cheadúnas do chomhartha méar eolais, nach faide é ná méadar amháin san fhad agus gur chomhartha treo-aimseartha é. Bíonn táille bhliantúil ceadúnais de €50 i gceist chomh maith.
- Cosnaíonn ceadúnas do chomhartha ar bith eile €630 ar a iarraidh. Is táille bhliantúil í seo.

Sa chás go measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go rachadh sé chun leas an phobail comhartha méar eolais a cheadú ar a bhfógraítear áis charthanach neamhbhrabúis, chultúrtha, spóirt nó phobail, is féidir an táille a leagan ar leataobh agus aontú scríofa a dhéanamh le hionadaithe de chuid na háise.

**Céard a tharlóidh má chrochaim comhartha buan ar thalamh phoiblí gan cheadúnas?**

Déanfar déileáil le comharthaí/le struchtúir fógraíochta neamhúdaraithe faoi fhorálacha forfheidhmithe na nAchtanna Pleanála agus/nó na nAchtanna Bóithre. Déanfar imeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh in aghaidh an duine, an chomhlachta nó an ghnólachta atá freagrach as comharthaí neamhúdaraithe a chrochadh ar mhaoin phoiblí, agus tabharfar ordú dó an comhartha a bhaint anuas taobh istigh de 7 lá. Bainfear anuas an comhartha/na comharthaí mura ngéilltear don ordú seo. Is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon chostas a bhaineann le comharthaí a bhaint anuas a aisghabháil (féach Aguisín 2: Aisghabháil Costas, Táillí Neamhíoctha agus Sceideal Táillí).

**Céard a tharlóidh má tá comhartha buan ar thalamh phoiblí agam cheana féin gan cheadúnas?**

Caithfidh tú iarratas ar cheadúnas a chur isteach chun an comhartha a choinneáil san áit a bhfuil sé. Scríobhfaidh an Chomhairle chuig gach páirtí a bhfuil comharthaí buana crochta acu cheana féin ach nach bhfuil ceadúnas acu, agus cuirfidh in iúl dóibh go mbainfear an comhartha/na comharthaí anuas mura gcuirtear iarratas ar cheadúnais faoi bhráid na Comhairle taobh istigh de mhí amháin ó dháta na litreach. Má chuirtear iarratas ar cheadúnas isteach agus mura gceadaítear an ceadúnas, caithfear an comhartha a bhaint anuas.

**AGUISÍN 1**

**PRIONSABAIL AGUS COINNÍOLLACHA CEADÚNAITHE**

Cuirfear na prionsabail agus na coinníollacha ceadúnaithe seo a leanas san áireamh agus iarratais ar cheadúnais chun comharthaí a chrochadh in áit phoiblí á meas.

**Prionsabail Cheadúnaithe**

Cuirfear na prionsabail seo a leanas san áireamh agus iarratais ar cheadúnais chun comharthaí a chrochadh in áit phoiblí á meas.

(a) Ní dhéanfar breithniú ar chomharthaí ach amháin sa chás go n-aithnítear ‘riachtanas’ fógraíochta. Sa chomhthéacs seo, baineann an téarma “riachtanas” le riachtanais na ndaoine a bhíonn ag taisteal, seachas mianta na n-oibreoirí tráchtála fógraíocht a dhéanamh chomh forleathan agus is féidir. Déanfar gach riachtanas den chineál seo a mheas de réir a fhiúntais.

(b) I gceantair thuaithe, go hiondúil ní eiseofar ceadúnas do chomharthaí ach amháin nuair nach bhfuil an t-áitreabh suite ar phríomhbhealach tráchta.

(c) Ní cheadófar comharthaí fógraíochta d’áitribh/d’imeachtaí tráchtála ar bhóithre Náisiúnta agus beidh srian docht leo ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Má bhíonn áitreabh suite feadh bóthair Náisiúnta nó Réigiúnaigh, níor chóir comhartha a bheith acu ar an mbóthar. Is leor comhartha a bheith acu ar a réadmhaoin féin.

**<u>AGUISÍN 1</u> (ar lean)**

(d) In áiteanna a bhfuiltear ag smaoineamh ar chomhartha méar eolais a chrochadh le haghaidh fógraíocht áitiúil, ní cheadófar iad ach amháin nuair nach gcuirfidh siad mearbhall ar lucht úsáide na mbóithre ná nach gcuirfidh siad isteach ar shábháilteacht tráchta. I gcás aon ghnó tráchtála a bhfuiltear ag déanamh breithniú dearfach air, is iondúil nach gceadófar ach comhartha amháin ar a mhéad atá suite ag acomhail bóithre ar an dá thaobh den áitreabh. Is iondúil nach gceadófaí comharthaí méar eolais do ghnólachtaí tráchtála aonair atá ar acomhal le Bóthar Náisiúnta.

(e) Spreagfar daoine le comharthaí turasóireachta a chrochadh i suíomhanna éifeachtacha a chuideoidh leis an úsáideoir áiteanna a thaitneodh le turasóirí agus a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnacha leo a aimsiú, ach nach gcuirfidh le plúchadh an radhairc, nach mbainfidh de thaitneamhacht na háite ná nach gcruthóidh baol do thrácht.

(f) Ní cheadófar comharthaí in áit a mbeadh a leithéid de struchtúr in iomaíocht le comharthaí eolais tráchta ná le líne amhairc ná a tharraingeodh aird an tiománaí ag acomhal, rud a chruthódh baol do thrácht.

(g) Má tá níos mó ná tionscal nó gnó amháin lonnaithe san áit chéanna, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar mhéar eolais ginearálta le treoir chuig an gceantar tionsclaíochta. Ní cheadófar ainm trádála ná comhartha aitheantais eile.

(h) Le tranglam agus cur isteach a sheachaint, is iondúil nach gceadófar níos mó ná cúig chomhartha fógraíochta méar eolais ar chuaille amháin. Ní dhéanfar breithniú ar an dara méar eolais don áitreabh céanna taobh istigh de 250 méadar ón gcomhartha ceadaithe. (I gceantair uirbeacha, d'fhéadfaí na 250 méadar a laghdú).

(i) I gcás comharthaí Lóistín, d'fhéadfaí comhartha méar eolais amháin a cheadú ag an acomhal is gaire don áitreabh d'óstáin, do thithe lóistín agus do lóistín eile mar iad.

**<u>AGUISÍN 1</u> (ar lean)**

j) Glactar leis go mbeifear, go ginearálta, in aghaidh comharthaí fógraíochta d'fhiontair aonair tionsclaíochta, tráchtála nó eile ar bhóithre. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar chomharthaí a chrochadh ar a mbeadh siombailí cineálacha (ach gan an t-ainm) a chuireann áiteanna a thaitneodh le turasóirí in iúl ag suíomhanna feiliúnacha ar Bhóithre Náisiúnta. Thabharfadh na comharthaí seo treoracha chuig áiteanna ar nós Ionad Spóirt, ionad Páirceála, Leithreas Poiblí, Breosla agus Lóistín, srl. Ina dhiaidh sin féin, tá sé de cheart ag an gComhairle gach iarratas ar leith a mheas ar a fhiúntas féin nó ar bhonn aonair. Níor chóir go gcuirfeadh aon rud sa bheartas seo bac ar aon duine iarratas a chur isteach ar cheadúnas nó ar chead pleanála do chomharthaí fógraíochta den chineál seo.

**Coinníollacha Ceadúnaithe**

Sa chás go gceadaíonn an tÚdarás Áitiúil crochadh comhartha, beidh na coinníollacha seo a leanas i bhfeidhm:

Déanfar agus cruthófar gach comhartha le teacht le caighdeáin na Roinne Comhshaoil, le caighdeáin atá sa Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta nó le caighdeáin reatha mar iad a bhaineann le déanamh comharthaí tráchta.

Is féidir le húinéir an ghnó a bhfuiltear ag déanamh fógraíochta air comharthaí agus cuaillí a chur in airde má chuirtear na hárachais ábhartha faoi bhráid na Comhairle agus má ghlacann sí leo. Is gá suíomh agus toisí/sonraí an chomhartha a aontú roimh ré. Is faoi úinéir an ghnó a bheidh sé gach costas a bhaineann leis a íoc. Is féidir comharthaí do níos mó ná áitreabh amháin a chur ar an gcuaille céanna.

Is é úinéir an ghnó a mbaineann na comharthaí eile a bheidh freagrach as gnáthchothabháil agus athchur comharthaí má dhéantar dochar dóibh nó má bhíonn gá lena n-athchur mar gheall ar ghnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt.

Beidh sé de cheart ag an gComhairle comhartha a bhaint anuas nó a suíomh a athrú am ar bith.

Beidh ar úinéirí comharthaí atá cheana féin ar sheasamh, de réir mar is gá, ceadúnas a fháil faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus faoi rialúcháin eile a tháinig ina dhiaidh sin. Má bhíonn comharthaí údaraithe crochta cheana nach dtagann leis na critéir atá beartaithe, d’fhéadfadh na húdaráis bóithre iad a cheadú. Tiocfaidh gach comhartha nua agus gach comhartha atá á chur in áit seanchomhartha le riachtanais an bheartais seo.

Ní bhreathnófar ar eisiúint ceadúnais ar láthair ar bith mar a bheadh fasach ann.

## AGUISÍN 2

## AISGHABHÁIL COSTAS, TÁILLÍ NEAMHÍOCTHA AGUS SCEIDEAL TÁILLÍ

**Aisghabháil Costas**:

Tá forálacha san Acht Bóithre, 1993 maidir leis an gComhairle Cathrach ag aisghabháil costas a bhaineann le baint anuas agus stóráil comhartha neamhúdaraithe, carranna, srl. ó úinéir an chomhartha mar atá i Rannóg 71(6) ina ndeirtear:

"déanfar sín, carbhán, feithicil nó déanmhas nó ní eile a aistreofar agus a stórálfar faoin alt seo a thabhairt do dhuine a éileoidh é más rud é, agus más rud é amháin, go ndéanfaidh sé dearbhú i scríbhinn á rá gurb é úinéir na sine, an charbháin, na feithicle nó an déanmhais nó an ní eile é nó go bhfuil sé údaraithe ag a úinéir nó ag a húinéir é nó í a éileamh agus, de rogha an údaráis bóithre lena mbaineann nó an Choimisinéara, go n-íocfaidh sé méid an chaiteachais a tabhaíodh go réasúnach le linn é nó í a aistriú agus a stóráil."

Is beartas de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go ndéanfaidh an tÚdarás Áitiúil, i ngach cás nach cás eisceachtúil é, iarracht a gcuid costas a aisghabháil.

**Táillí Neamhíoctha:**

Is é beartas an Údaráis Áitiúil go ndéanfar gach táille neamhíoctha a eiseofar a ionchúiseamh sna Cúirteanna.

**AGUISÍN 2 ar lean**

**Sceideal Táillí:**

Rinneadh an sceideal seo a fhorbairt ar an tuiscint go mbeidh táille réamhshocraithe ar bhaint anuas gach cineál comhartha móide táille laethúil stórála. Tá sé beartaithe go mbainfear úsáid as na táillí réamhshocraithe seo in ionad gach táille ar leith a bhaineann le gach comhartha a thaifead agus a rianú. Déanfar an riarachán a shimpliú agus an t-am, na hacmhainní agus an costas a bhaineann le cur i bhfeidhm an bheartais seo a laghdú dá bharr seo. Tá sé beartaithe go gcuirfear méadú 5% leis na táillí seo gach bliain ag tosú ar an gcéad lá de mhí Eanáir ach amháin má shocraíonn an Chomhairle a mhalairt.

I gcásanna eisceachtúla nuair nach dtagann comhartha áirithe le haon cheann de na catagóirí ar an sceideal táillí nó nuair a bhíonn na costais a bhaineann le baint anuas agus le stóráil an chomhartha i bhfad níos mó ná an táille a luaitear, is féidir leis an gComhairle an costas ceart a iarraidh. I gcás den chineál seo, cuirfidh an Chomhairle an t-ábhar tacaíochta cuí ar fáil leis an gcostas ceart a chruthú.

**<u>AGUISÍN 2</u> ar lean**

| Sceideal Táillí ar Bhaint Anuas agus ar Stóráil Comharthaí Neamhúdaraithe | | | |
|---|---|---|---|
| **Cineál Comhartha** | **Cur Síos ar an gComhartha** | **Táille Bainte Anuas** | **Táille Laethúil Stórála/m² achar an chomhartha** |
| Cineál I | Fógra Dhá Chlár suite ar Thalamh/ar Chosán/ar Phábháil | €50.00 | €5.00 |
| Cineál II | Painéal Comhartha crochta ar Chuaille/ar Mhol/ar Bhalla a bhí cheana féin ann | €50.00 | €5.00 |
| Cineál III | Painéal Comhartha Crochta ar a Chuaille/ar a Chuaillí Féin | €75.00 | €7.00 |
| Cineál IV | Painéal Comhartha Crochta ar Leantóir Soghluaiste | €250.00 | €9.00 |
| Cineál V | Comharthaí priontáilte ar Charranna, ar Veaineanna, ar Leoraithe, srl. Páirceáilte | Féach Nóta 1 thíos | €9.00 |

**NÓTAÍ:**

1) Is féidir go mbeadh lódaire íseal agus trealamh ardaithe i gceist le táille bainte anuas a bheadh bunaithe ar chostais chearta.

**<u>AGUISÍN 2</u> ar lean**

2) Ní chuirtear tús leis an Táille Laethúil Stórála go ceann Deich lá tar éis an dáta ar a n-eisítear Fógra don Úinéir ag cur suíomh an chomhartha in iúl dó/di. Déanfar na Táillí Stórála a ríomh bunaithe ar laethanta oibre. Má sháraítear an reachtaíocht an dara babhta nó arís ina dhiaidh sin, cuirfear tús leis na Táillí Stórála láithreach.

3) Ar mhaithe le táillí stórála a ríomh, beidh achar an Chomhartha bunaithe ar achar iomlán thaobh amháin den chomhartha.

4) Slánófar an t-achar anuas ag an méadar cearnach is gaire ach gearrfar íostáille do mhéadar cearnach amháin i gcás comharthaí atá níos lú ná méadar cearnach amháin.

5) I gcásanna eisceachtúla nuair nach dtagann comhartha áirithe le haon cheann de na catagóirí ar an sceideal táillí nó nuair a bhíonn na costais a bhaineann le baint anuas agus le stóráil an chomhartha i bhfad níos mó ná an táille a luaitear, is féidir leis an gComhairle, de réir a mianta, an costas ceart a iarraidh.

6) Is ionann an Táille Iomlán a ghearrfar ar Úinéir an Chomhartha agus an Táille Bainte Anuas móide an Táille Laethúil Stórála do líon na laethanta oibre a ndearnadh an comhartha a stóráil lena linn.

7) Cuirfear méadú 5% leis na táillí seo gach bliain ag tosú ar an gcéad lá de mhí Eanáir ach amháin má shocraíonn an Chomhairle a mhalairt.

8) D'fhéadfaí an t-earra a dhiúscairt mura dtógann an t-úinéir ar ais é taobh istigh de shé seachtaine ón dáta ar eisíodh an fógra dó/di.